Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Eanáir 2018**
**(OR. en)**

**5454/18**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0012 (COD)**

**TRANS 20**
**MAR 9**
**ENV 30**
**CODEC 59**
**IA 19**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Eanáir 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 33 final IARSCRÍBHINN 1 go hIARSCRÍBHINN 5 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann le Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena n−aisghairtear Treoir 2000/59/CE agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE agus Treoir 2010/65/AE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 33 final IARSCRÍBHINN 1 go hIARSCRÍBHINN 5.

---

Faoi iamh: COM(2018) 33 final IARSCRÍBHINN 1 go hIARSCRÍBHINN 5

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 16.1.2018
COM(2018) 33 final

ANNEXES 1 to 5

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh**
**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena n‑aisghairtear Treoir 2000/59/CE agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE agus Treoir 2010/65/AE**

{SWD(2018) 21 final} - {SWD(2018) 22 final}

## IARSCRÍBHINN 1

### CEANGLAIS MAIDIR LE GLACADH DRAMHAÍOLA AGUS PLEANANNA LÁIMHSEÁLA I gCALAFOIRT

Cumhdófar leis na pleananna gach cineál dramhaíola a thagann ó longa a thagann isteach chuig an gcalafort de ghnáth agus déanfar iad a fhorbairt de réir mhéid an chalafoirt agus de réir chineálacha na long a thagann i dtír ag an gcalafort sin.

Beidh na gnéithe seo a leanas ar áireamh sna pleananna:

a) measúnú ar an ngá atá le saoráidí glactha calafoirt, i bhfianaise na riachtanas atá ag na longa a thagann isteach chuig an gcalafort de ghnáth;

b) tuairisc ar chineál agus ar thoilleadh na saoráidí glactha calafoirt;

c) tuairisc ar na nósanna imeachta maidir le dramhaíl ó longa a ghlacadh agus a bhailiú;

d) tuairisc ar an gcóras um ghnóthú costas;

e) tuairisc ar an nós imeachta maidir le heasnaimh líomhnaithe sna saoráidí glactha calafoirt a thuairisciú;

f) tuairisc ar an nós imeachta maidir le comhairliúcháin leanúnacha le húsáideoirí calafort, le conraitheoirí dramhaíola, le hoibreoirí críochfoirt agus le páirtithe leasmhara eile; agus

g) forléargas ar chineál agus ar chainníochtaí na dramhaíola a fhaightear ó longa agus a láimhseáiltear sna saoráidí.

Féadfar an méid seo a leanas a áireamh sna pleananna freisin:

a) achoimre ar reachtaíocht náisiúnta ábhartha agus ar an nós imeachta agus na foirmiúlachtaí maidir leis an dramhaíl a sheachadadh go saoráidí glactha calafoirt;

b) pointe teagmhála sa chalafort a shainaithint; c) tuairisc ar an trealamh réamhchóireála agus ar na próisis le haghaidh sruthanna sonracha dramhaíola sa chalafort, más ann dóibh;

d) tuairisc ar na modhanna chun úsáid iarbhír na saoráidí glactha calafoirt a thaifeadadh;

e) tuairisc ar na modhanna chun méid na dramhaíola a sheachadaíonn longa a thaifeadadh;

f) tuairisc ar an gcaoi a ndéantar na sruthanna dramhaíola éagsúla a bhainistiú sa chalafort.

Maidir leis na nósanna imeachta don ghlacadh, don bhailiú, don stóráil, don chóireáil agus don diúscairt, ba cheart go mbeidís i gcomhréir, ar gach bealach, le scéim bainistíochta comhshaoil atá oiriúnach chun tionchar na ngníomhaíochtaí sin ar an gcomhshaol a laghdú de réir a chéile. Toimhdítear an chomhréireacht sin a bheith ann má tá na nósanna imeachta i gcoimhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil.

# IARSCRÍBHINN 2

## FORMÁID CHAIGHDEÁNACH NA FOIRME UM RÉAMHFHÓGRA MAIDIR LE DRAMHAÍL A SHEACHADADH CHUIG SAORÁIDÍ GLACTHA CALAFOIRT

Fógra faoi Sheachadadh na Dramhaíola chuig: *(cuir isteach ainm an chalafoirt atá mar cheann scríbe, amhail dá dtagraítear in Airteagal 6 de Threoir XXXX/XX/AE)*

Coinneofar an fhoirm seo ar bord an tsoithigh mar aon leis an Leabhar Taifid Ola, an Leabhar Taifid Lasta nó an Leabhar Taifid Bruscair iomchuí, mar a cheanglaítear leis an gCoinbhinsiún um Thruailliú ó Longa a Chosc (Coinbhinsiún Marpol).

1. **SONRAÍ NA LOINGE**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1.1 Ainm na loinge: | | 1.5 Úinéir nó oibreoir: | |
| 1.2 Uimhir EMI: | | 1.6 Sainuimhir nó sainlitreacha: | |
| 1.3 Olltonnáiste: | | 1.7 Stát Brataí: | |
| 1.4 Cineál na loinge: | ☐Tancaer ola<br>☐Lastlong eile | ☐ Tancaer ceimiceán<br>☐ Long paisinéirí | ☐ Bulciompróir<br>☐ Róró<br>☐Árthach coimeadán<br>☐Eile (sonraigh) |

**2. SONRAÍ AN CHALAFOIRT AGUS AN TURAIS**

| | |
|---|---|
| 2.1 Suíomh/Ainm an chríochfoirt: | 2.6 An Calafort Deireanach ar seachadadh dramhaíl chuige: |
| 2.2 Dáta agus Am Teachta: | 2.7 Dáta an tSeachadta Dheireanaigh: |
| 2.3 Dáta agus Am Imeachta: | 2.8 An Chéad Chalafort Seachadta Eile: |
| 2.4 An Calafort Deireanach agus an Tír: | 2.9 An té a bhfuil an fhoirm seo á cur isteach aige (murab é an máistir é): |
| 2.5 An Chéad Chalafort Eile agus an Tír (más eol sin): | |

**3. CINEÁL AGUS MÉID NA DRAMHAÍOLA AGUS AN ACMHAINN STÓRÁLA**

| Cineál | Dramhaíl atá le seachadadh ($m^3$) | Uasacmhainn stórála tiomnaithe ($m^3$) | Méid na dramhaíola a choimeádtar ar bord ($m^3$) | An calafort a ndéanfar fuílleach na dramhaíola a sheachadadh chuige | Méid na dramhaíola a mheastar a bheidh le giniúint sa tréimhse idir an fógra agus an chéad chalafort staid eile ($m^3$) |
|---|---|---|---|---|---|
| **MARPOL Iarscríbhinn I- Ola** | | | | | |
| Uisce ruma olach | | | | | |
| Iarmhair olacha (sloda) | | | | | |
| Uisce glantacháin olach ón umar | | | | | |
| Screamh agus sloda ó ghlanadh an umair | | | | | |
| Eile (sonraigh le do thoil) | | | | | |

| MARPOL Iarscríbhinn II – NLS[1] | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Substaint de Chatagóir X | | | | | |
| Substaint de Chatagóir Y | | | | | |
| Substaint de Chatagóir Z | | | | | |
| OS- substaintí eile | | | | | |
| **MARPOL Iarscríbhinn IV- Séaracht** | | | | | |
| | | | | | |
| **MARPOL Iarscríbhinn V – Dramhaíl** | | | | | |
| Plaistigh | | | | | |
| Dramhaíl bia | | | | | |
| Dramhaíl tí (e.g. táirgí páipéir, ceirteacha, gloine, miotal, buidéil, gréithe, etc.) | | | | | |
| Ola Cócaireachta | | | | | |
| Luaithreach ó loisceoir | | | | | |
| Iarmhair lasta[2] | | | | | |
| Dramhaíl oibríochtúil | | | | | |
| Conablach/conablaigh ainmhithe | | | | | |
| Trealamh iascaireachta | | | | | |
| **MARPOL Iarscríbhinn VI – a mhéid a bhaineann le Truailliú an Aeir** | | | | | |
| Substaintí ídithe ózóin agus trealamh ina bhfuil substaintí den sórt sin[3] | | | | | |
| Iarmhair ó ghlanadh an gháis sceite | | | | | |

*Nótaí*

---

1 Tabhair le fios ainm ceart loingseoireachta an NLS lena mbaineann

2 Féadfar meastacháin a dhéanamh; tabhair le fios ainm ceart loingseoireachta an lasta thirim

3 A eascraíonn as gnáthghníomhaíochtaí cothabhála ar bord

1. Bainfear leas as an bhfaisnéis sin don rialú Stáit ar chalafoirt agus chun críocha cigireachta eile.

2. Tá an fhoirm seo le comhlánú mura rud é go bhfuil díolúine ag an long i gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir XXXX/XXXX/EU

# IARSCRÍBHINN 3

## AN FHORMÁID CHAIGHDEÁNACH DON ADMHÁIL SHEACHADTA DRAMHAÍOLA

*Is é an t-ionadaí arna ainmniú ag an soláthraí saoráide glactha a chuirfidh an fhoirm seo a leanas ar fáil do mháistir loinge a rinne dramhaíl a sheachadadh i gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir XXXX/XX/AE.*

*Coinneofar an fhoirm seo ar bord an tsoithigh mar aon leis an Leabhar Taifid Ola, an Leabhar Taifid Lasta nó an Leabhar Taifid Dramhaíola iomchuí, mar a cheanglaítear le MARPOL.*

**1. SONRAÍ DON AN TSAORÁID GLACTHA AGUS DON CHALAFORT**

| | | |
|---|---|---|
| 1.1. | Suíomh/ainm an chríochfoirt: | |
| 1.2. | Soláthraí/soláthraithe na saoráide glactha | |
| 1.3. | Soláthraí/soláthraithe na saoráide cóireála – murab ionann iad agus thuas: | |
| 1.4. | Dáta Seachadta na Dramhaíola agus an tAm ó: | go dtí: |

**2. SONRAÍ NA LOINGE**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2.1. | Ainm na loinge: | 2.5. | Úinéir nó oibreoir: |
| 2.2. | Uimhir EMI: | 2.6. | Sainuimhir nó sainlitreacha: |
| 2.3. | Olltonnáiste: | 2.7. | Stát Brataí: |

2.4. Cineál na loinge: ☐ Tancaer ola ☐Tancaer ceimiceán ☐Olliompróir ☐ Árthach coimeádán ☐Lastlong eile ☐Long phaisnéirí ☐Róró ☐Eile (sonraigh)

**3. CINEÁL AGUS MÉID NA DRAMHAÍOLA A FUARTHAS**

| **MARPOL Iarscríbhinn I – Ola** | **Cainníocht ($m^3$)** |
|---|---|
| Uisce ruma olach | |
| Iarmhair olacha (sloda) | |
| Uisce glantacháin olach ón umar | |
| Uisce salach ballasta | |
| Screamh agus sloda ó ghlanadh an umair | |
| Eile (sonraigh le do thoil) | |
| **MARPOL Iarscríbhinn II – NLS** | **Cainníocht (m3)/Ainm[5]** |
| Substaint de Chatagóir X | |
| Substaint de Chatagóir Y | |
| Substaint de Chatagóir Z | |
| OS- substaint eile | |
| **MARPOL Iarscríbhinn IV-** | **Cainníocht ($m^3$)** |

| **MARPOL Iarscríbhinn V- Dramhaíl** | **Cainníocht ($m^3$)** |
|---|---|
| A. Plaistigh | |
| B. Dramhaíl bia | |
| C. Dramhaíl tí (e.g. táirgí páipéir, ceirteacha, gloine, miotal, buidéil, gréithe, etc.) | |
| D. Ola cócaireachta | |
| E. Luaithreach ó loisceoir | |
| F. Dramhaíl oibríochtúil | |
| G. Iarmhair lasta[6] | |
| H. Conablach/conablaigh ainmhithe | |
| I. Trealamh iascaireachta | |
| **MARPOL Iarscríbhinn VI – a mhéid a bhaineann le Truailliú an Aeir** | **Cainníocht ($m^3$)** |
| Substaintí ídithe ózóin agus trealamh ina bhfuil substaintí den sórt sin | |
| Iarmhair ó ghlanadh an gháis sceite | |

| **Séaracht** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

[5] Tabhair le fios ainm ceart loingseoireachta an NLS lena mbaineann
[6] Tabhair le fios ainm ceart loingseoireachta an lasta thirim

# IARSCRÍBHINN 4

**Catagóirí na gcostas maidir le hoibriú agus riarachán an PRF**

| *Costais dhíreacha*<br><br>**Costais oibriúcháin a eascraíonn as seachadadh iarmhír dramhaíola ó longa, lena n-áirítear na hítimí costais atá liostaithe thíos.** | *Costais indíreacha*<br><br>**Costais riaracháin a eascraíonn as bainistiú ar an gcóras sa chalafort, lena n-áirítear na hítimí costais atá liostaithe thíos.** |
|---|---|
| • Bonneagar a chur ar fáil le haghaidh saoráidí glactha calafoirt, lena n-áirítear na coimeadáin, umair, uirlisí próiseála, báirsí, trucailí, glacadh dramhaíola, suiteálacha coireála;<br><br>• Lamháltais atá dlite ar mhaithe le suíomh a léasú, más infheidhme, nó chun an trealamh a léasú atá riachtanach ionas go n-oibreoidh na saoráidí glactha calafoirt;<br><br>• Oibriú iarbhír na saoráidí glactha calafoirt: dramhaíl a bhailiú ón long, an dramhaíl a iompar ó na saoráidí glactha calafoirt don choireáil deiridh, na saoráidí glactha calafoirt a chothabháil agus a ghlanadh, costais don fhoireann, lena n-áirítear ragobair, soláthar leictreachais, anailís ar an dramhaíl agus árachas;<br><br>• Athúsáid deiridh, athchúrsáil nó diúscairt na dramhaíola ó longa, lena n-áirítear an dramhaíl a bhailiú ar leithligh;<br><br>• Riarachán: sonrascadh, admhálacha dramhaíola a eisiúint don long, tuairisciú. | • An plean maidir le dramhaíl a ghlacadh agus a láimhseáil a fhorbairt agus a fhormheas, lena n-áirítear aon iniúchadh ar an bplean agus cur chun feidhme an phlean;<br><br>• An plean maidir le dramhaíl a ghlacadh agus a láimhseáil a nuashonrú, lena n-áirítear costais saothair agus costais chomhairliúcháin, i gcás inarb infheidhme;<br><br>• Na nósanna imeachta comhairliúcháin a eagrú maidir le meastóireacht/athmheastóireacht a dhéanamh ar an bplean maidir le dramhaíl a ghlacadh agus a láimhseáil;<br><br>• Bainistiú a dhéanamh ar an gcóras fógartha agus ar an gcóras um ghnóthú costas, lena n-áirítear táillí laghdaithe a chur i bhfeidhm do "longa glasa", córais TF a sholáthar ar leibhéal an chalafoirt, anailís staidrimh agus costais saothair ghaolmhara;<br><br>• Nósanna imeachta um sholáthar poiblí a eagrú maidir le saoráidí glactha calafoirt a sholáthar, mar aon leis na húdaruithe riachtanacha a thabhairt chun saoráidí glactha calafoirt a sholáthar i gcalafoirt;<br><br>• Faisnéis a thabhairt d'úsáideoirí calafort trí fhógráin a dháileadh, fógraí agus póstaeir a chur in airde sa chalafort, nó an fhaisnéis atá ar shuíomh gréasáin an chalafoirt a fhoilsiú,) agus an fhaisnéis a thuairisciú go leictreonach, mar a cheanglaítear in Airteagal 5. .<br><br>• Costais riaracháin eile: faireachán a dhéanamh ar dhíolúintí agus an fhaisnéis sin a thuairisciú go leictreonach, mar a cheanglaítear in Airteagal 9. |

<u>**IARSCRÍBHINN 5**</u>

***Deimhniú Díolúine***

**DEIMHNIÚ DÍOLÚINE FAOI AIRTEAGAL 9 MAIDIR LEIS NA CEANGLAIS FAOI AIRTEAGAL 6, AIRTEAGAL 7, AGUS AIRTEAGAL 8 DE THREOIR XXXX/XX/CE AG CALAFORT/CALAFOIRT *[CUIR ISTEACH AN CALAFORT]* IN *[CUIR ISTEACH AN BALLSTÁT]*[4]**

**Ainm na Loinge Sainuimhir nó sainlitreachaAn Stát Brataí**

[*cuir isteach ainm na loinge*] [*cuir isteach uimhir EMI*] [*cuir isteach ainm an Stáit Brataí*]

Tá an long thuasluaite i dtrácht sceidealaithe agus stadanna minice agus rialta á ndéanamh aici ag an gcalafort/na calafoirt seo a leanas in *[cuir isteach ainm an Bhallstáit],* de réir sceidil nó bealach atá réamhshocraithe:

[ ]

agus stadann sí ag na calafoirt seo a leanas uair sa choicís ar a laghad:

[ ]

agus tá socrú déanta aici lena áirithiú go n-íocfar an táille agus go seachadfar an dramhaíl chuig an gcalafort, nó chuig tríú páirtí ag calafort:

[ ]

agus, dá réir sin, tá díolúine aici i gcomhréir le [*Cuir isteach an t-airteagal ábhartha i reachtaíocht náisiúnta na tíre*], ó na ceanglais maidir le **seachadadh éigeantach** dramhaíola ó longa, an réamhfhógra maidir leis an dramhaíl, agus íocaíocht an táille éigeantaigh, ag an gcalafort/na calafoirt seo a leanas:

[ ]

Tá an deimhniú seo bailí go dtí an [*cuir isteach an dáta*], mura rud é go n-athraítear roimh an dáta sin na forais faoina n-eisítear an deimhniú.

Áit agus Dáta

……………………………………

Ainm

Teideal

[4] Scrios murab iomchuí